An Roinn Sláinte
Department of Health

Iarraidh ar Aighneachtaí
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Dréachtscéim Teanga á hullmhú don Roinn Sláinte don tréimhse 2018 - 2021

Is é an príomhchuspóir atá le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus caighdeán níos airde seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a áirithiú. Leagtar amach sa scéim teanga don tréimhse 2015-2018 ón Roinn Sláinte a mhéid atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair agus sainaithnítear inti aon réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu ina leith sin amach anseo. Tá an scéim ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag The Language Scheme 2015-2018 / Scéim na Roinne Sláinte 2015-2018.

De réir alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá an scéim sin á hathbhreithniú ag an Roinn anois agus tá dréachtscéim nua á hullmhú aici don tréimhse 2018 - 2021. Ba mhaith leis an Roinn cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh i ndáil leis an dréachtscéim. Ba cheart aighneachtaí i scríbhinn a sheoladh go leictreonach chuig mary_o'reilly@health.gov.ie faoin spriocdháta, is é sin, Déardaoin an 12 Iúil 2018.

Mar mhalairt air sin, is féidir aighneachtaí a sheoladh sa phost chuig:

Mary O' Reilly
An Roinn Sláinte
Teach Hawkins
Sráid Hawkins
Baile Átha Cliath 2

Tá faisnéis faoi shainordú agus ról/seirbhísí na Roinne ar fáil ar a suíomh Gréasáin ag www.health.gov.ie.

Tá tuilleadh faisnéise faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag www.chg.gov.ie.

Ba cheart do gach duine a bhfuil aighneacht á déanamh acu a bheith ar an eolas go bhféadfar aon aighneachtaí a fhaightear a eisiúint de bhun iarrataí a dhéantar faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Mí Meitheamh 2018